



Gaelscoil Thaobh na Coille

‘Anois teacht an Earraigh beidh an lá ag dul chun síneadh’



Lá Fhéile Bríde **St Brigid's Day**

Rinneamar ceiliúradh ar alán imeachtaí éagsúla i mí Feabhra.

Thit Lá Fhéile Bríde ar an gcéad lá Feabhra. Bhí lá saoire poiblí ag Muintir na hÉireann ar an Luan 5 Feabhra in onóir ár mban-naomh Bríd. Tugtar ‘Muire na nGael’ ar Naomh Bríd. Tá an oiread ceana ag muintir na hÉireann ar Bhríd leis na blianta, gur gheall leo gur Maighdean Muire dár gcuid féin a bhí inti agus bronnadh an teideal seo uirthi dá bharr.

Rinne ranganna ealaín, ceol agus paidreacha a bhaineann leis an lá. D’fhoghlamar faoi na scéalta agus na traidisiúin éagsúla a bhaineann le Naomh Bríd agus na nósanna a bhí ag na Ceiltigh roimpi. Rinne R6B físeáin álainn de scéalta faoi Naomh Bríd agus bhreathnaigh daltaí uile na scoile orthu.

Rinneamar céiliuradh freisin ar an bhféile Ceilteach Imbolc a thiteann ar an lá céanna.

Ag tús na míosa bhíomar ag céiliúradh deireadh an gheimhridh agus tús an earraigh. Tosaigh na laethanta ag éirí níos faide arís agus chuir sé sin gliondar ar ár gcroíthe. Bíonn sé níos gile anois um thráthnóna agus ní théann an ghriain faoi go dtí thart ar a 6 a chlog anois. Mar an deireann an amhrán le Antaine Ó Raifteire ‘Anois teacht an Earraigh, beidh an lá ag dul chun síneadh, is taréis na Féile Bhríde ardóidh mé mo sheol...’



We celebrated many different events in February.

Lá Fhéile Bríde fell on the first day of February. The People of Ireland had a public holiday on Monday 5th February in honor of our saint Bríd. Naomh Bríd is also sometimes called 'Muire na nGael'. The people of Ireland have loved Bríd so much over the years, that they vowed that she was our own Virgin Mary and this special title was awarded to her as a result.

Classes made art and learned songs and prayers related to the day. We learned about the different stories and traditions related to St. Brigid and the customs that the Celts had before them. R6B created lovely videos based on of stories about Naomh Bríd and all the pupils in the school watched them.

At the beginning of the month we were celebrating the end of winter and the beginning of spring. The days started getting longer again and we were very happy about that. It is now brighter in the evenings and the sun doesn't set now until about 6 o'clock.

As the song by Antaine Ó Raifteire says ‘Anois teacht an Earraigh, beidh an lá ag dul chun síneadh, is taréis na Féile Bhríde ardóidh mé mo sheol...’ Now that Spring is upon us, the days will lengthen and I will raise my sail and away.....



Máirt na hInide

Máirt na hInide nó 'Lá na bPancóga' a bhí ann ar an Mháirt 13 Feabhra. D'éagraigh Coiste na dTuismitheoirí díolachán pancóga sa halla. Fuair gach rang deis dul síos go dtí an halla le pancóga a fháil. Míle buíochas leis na tuismitheoirí ar fad a sheol pancóga isteach chun na scoile don lá agus buíochas níos mó fós leis na tuismitheoirí a bhí ag obair sa scoil ag réiteach na pancóga ar an lá. Bhí na páistí thar a bheith sásta agus iad lán go béal agus lán d'fhuinneamh leis an siúcra ar fad!



Bíonn Máirt na hInide ann an lá roimh Chéadaoin an Luathrigh, an lá deireanach den ghnáthbhia roimh throscaidh an Charghais. Fadó rinne daoine troscadh ar feadh 40 lá go dtí Domhnach Cásca. An Carghas a thugtar ar an tréimhse ama seo. Ní raibh cead acu uibheacha a ithe i rith an Charghais. Dá bhrí sin rinne siad pancóga chun iad a úsáid. Maidin Domhnach Cásca d'ith siad uibheacha arís, Uibheacha Cásca.



SCOIL ag DÚNTA don REIFREANN

DÉ HAoine 08/03/2024

Shrove Tuesday

Tuesday 13th February was Shrove Tuesday or 'Pancake Day'. The Parents' Committee organised a pancake sale in the hall. Each class got a chance to go down to the hall to buy pancakes. Míle buíochas to all the parents who sent pancakes into the school for the sale and mile míle buíochas to the parents who spent the morning in the school preparing the pancakes for the children. The children were delighted, stuffed to the gills and full of energy after all the sugar!



Shrove Tuesday is the day preceding Ash Wednesday, the last day of normal food before fasting for Lent. Long ago people fasted for 40 days until Easter Sunday. This period is called Lent. They were not allowed to eat eggs during Lent. Therefore, they made pancakes to use up any eggs they might have in the home. Easter Sunday morning they ate eggs again and that's where the Easter Egg tradition came from.



SCHOOL CLOSED

for REFERENDUM

FRIDAY

08/03/2024



Cúrsaí Tráchtá & Páirceála On-going Traffic & Parking Issues

Ba mhaith linn a mheabhrú do thuismitheoirí agus d'fheighlithe gur gá a bheith fíor-chúramach agus aireach agus sibh ag tiomáint agus ag páirceáil ar láthair na scoile agus ar na bóithre thart ar an scoil. Is í an phríomhthosaíocht atá againn ná sábháilteacht a ndaltaí agus iad ag siúl go dtí agus abhaile ón scoil agus ag tuirlingt as gluaisteáin.

Gabhaimid buíochas leis na thuismitheoirí a chloíonn leis na rialacha tráchtá agus páirceála atá i bhfeidhm ach tá fadhb fós le páirceáil chontúirteach agus le gluaiseacht na tráchtá thart ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ag am dul abhaile agus ar laethannta fluicha ach go háirithe. Tá thuismitheoirí ag páirceáil ar, nó ró-ghar do na trasrian coisithe agus thuismitheoirí eile ag dul thar carr atá stopaithe le dalta a scoileadh amach nó a phiocadh suas seachas fanacht go mbogann an carr sin ar aghaidh. Is gá do gach duine cloí leis na rialacha agus leis an luas teorann atá i bhfeidhm i gcónaí le sábháilteacht ár bpáistí a chosaint.



We would like to remind parents and childminders of the need for caution and vigilance when driving and parking on the school grounds and on the roads in the vicinity of the school. Our priority is the safety of the pupils as they walk to and from school and alight from cars.

We thank the parents who adhere to the traffic and parking rules that are in place but there is still a difficulty with dangerous parking and the movement of traffic in and around Gaelscoil Thaobh na Coille, but especially at home time and on wet days. Parents are parking on, or too close to the pedestrian crossing and some parents are overtaking cars that has stopped to pick up or drop off a pupil rather than waiting for that car to move on.

Everyone must adhere to the rules and the speed limit that is in place in order to protect the safety of our children.

Tabhair faoi ndeara le do thoil Please take note

Níor cheart go mbeadh aon pháirceáil/páirceáil dhúbailte os comhair spásanna páirceála na foirne. Is limistéar 'tuirlingt & imigh' amháin é seo. Ba chóir go mbeadh páistí in ann teacht amach as gluaisteáin agus siúl go sábháilte i limistéar na gcoisithe os comhair na ngluaisteáin foirne páirceáilte chun an cosán a bhaint amach.

Ba cheart do charranna fanacht sa líne go dtí go mbíonn an carr os a gcomhair bogtha ar aghaidh - gan scoitheadh.

Níor cheart do charranna páirceáil díreach roimh agus tar éis na trasrianta coisithe - laistigh den scoil nó lasmuigh ar an mbóthar - tá sé seo ag tarlú ar bhonn rialta/laethúil agus tá sé ag cur ár bpáistí i mbaol.



There should be no parking/double parking in front of staff parking spaces. This is a drop and go area only. Children should be able to alight from cars and walk safely along the pedestrian corridor in front of the parked staff cars to get to the footpath.

Cars should wait in line until the car in front has moved on - no overtaking

Cars should not park up in the areas directly before and after the pedestrian crossings - either inside the school grounds or outside on the road - this is happening on a regular or daily basis and it is putting our children at risk.





Cór Fhéile 2024

Is é Cór Fhéile na Scoileanna, Áth Cliath, an fhéile cheoil neamhiomaíoch is mó do pháistí scoile in Éirinn agus beidh sé ar siúl ón 5 – 9 Márta (Máirt go hAoine) sa Láthair Náisiúnta Chispheile i dTamhlacht. Cuirfear tús leis an bhféile gach tráthnóna ag 7.30pm. Beidh léirithe matinee ann gach lá ó 10.30am go 12 meán lae.

Ceann de phríomhaidhmeanna an Chórfhéile ná grá don cheol, go háirithe ceol na hÉireann, a chothú agus a fhorbairt i bpáistí. Gach bliain glacann idir ceithre agus cúig mhíle páiste páirt sa chórfhéile—meascann de chóir, bannaí ceoil agus ceoldrámaí. Leagtar béim ar rannpháirtíocht agus taithneamh seachas iomaíocht.

Glacfaidh Grúpa Ceoil na Scoile agus Daltaí R1A & R1B páirt sa chórfhéile i mbliana. Beidh said ar an ardán ar an gCéadaoin an 6 Márta ag 7.30pm. Canfaidh daltaí R1A & R1B dhá amhrán ar an oíche, Beidh Aonach Amárach & Báidín Fheidhlimí. Tá an Grúpa Ceoil gnóthach ag cleachtadh agus ag cur barr fheabhas ar an mhír ceoil a chuirfidh siadsan os comhair an tslua ar an oíche.

Córfhéile na Scoileanna, Áth Cliath, is the biggest non-competitive music festival for school children in Ireland and will be held from 5 – 9 March (Tuesday to Friday) in the National Basketball Arena, Tallaght. The festival will commence each evening at 7.30pm. There will be matinee performances each day from 10.30am to 12 noon.

One of the principal aims of Cór Fhéile is to foster and develop a love of music, particularly Irish music, in children.

Every year between four and five thousand children take part – a mixture of choirs, bands and ceol dramaí. The emphasis is on children enjoying the performances of other children in a stress-free environment.

The Grúpa Ceoil and the children from R1A & R1B will take part in the córfhéile this year. They will take to the stage on Wednesday 6 March at 7.30pm. R1A & R1B will sing two songs on the night, Beidh Aonach Amárach & Báidín Fheidhlimí. The Grúpa Ceoil are busy rehearsing and polishing their repertoire for the performance.



Bliain Bhisigh Leap Year

Is bliain bhisigh atá ann i mbliana. Gach ceithre bliana bíonn lá sa bhreis ar an bhféilire agus titeann sé ar an 29ú Feabhra. Rugadh mac leis an Múinteoir Bairéad ar an 29ú Feabhra, mar sin beidh cóisir mór acu i mbliana chun a bhreithlá a chéiliúradh mar nach mbíonn fíor bhreithlá aige ach gach ceithre bliana!

This year is a leap year. Every four years there is an extra day in the calendar and it falls on the 29th of February. An Múinteoir Bairéad's son was born on the 29th of February, so this year they will have a big party to celebrate his birthday because he only gets to celebrate his real birthday every four years!

An Athbhliain Síneach Chinese New Year

Ar an Satharn an deichiú lá Feabhra rinne Síneigh ar fud an domhain céiliúradh ar an Athbhliain Nua Síneach – Bliain an dragúin atá ann i mbliana. Bhí ceoil síneach le cloisteáil agus bia síneach á dhíol i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus bhailigh Síneigh a bhfuil cónaí orthu in Éirinn le ceiliúradh a dhéanamh. Is féile ollmhór é sa tSín le saoire scoile, paráid agus cóisirí de gach saghas. Cosúil le Lá Fhéile Bríde agus Imbloc, déanann an féile céiliúradh ar deireadh an gheimhridh agus tús an earraigh.

On Saturday February 10th, Chinese people around the world celebrated the Chinese New Year - this year is The Year of the Dragon. In Dublin city centre Chinese people living in Ireland gathered to celebrate with music and food. The Chinese New Year is a huge festival in China with school holidays, a parade and celebrations of all sorts. Like St Brigid's Day and Imbloc, the festival celebrates the end of winter and the beginning of spring.



Lá le Vailintín **St Valentine's Day**

Lá Fhéile Vailintín a bhí ann ar an 14 Feabhra. Seans a bhí ann dúinn buíochas a ghabháil leis na daoine inár saol a thugann grá dúinn.

It was Valentine's Day on the 14th of February. It was a chance for us to thank the people in our lives who love us.



Cheolfhoireann Óige BÁC

Comhgháirdeas mór le Siún de Lása Ní Bhriain (R5A) & Niamh Nic Uidhir (R5B) a sheinn ag ceolchoirm Cheolfhoireann Óige Bhaile Átha Cliath sa Helix i DCU ar an 3 Feabhra. Maith sibh a chailíní.

Dublin Youth Orchestra

Congratulations to Siún de Lása Ní Bhriain (R5A) & Niamh Nic Uidhir (R5B) who performed in the Dublin Youth Orchestra concert in the Helix in DCU on 3 February. Well done girls.



Céadaoin an Luathrigh Ash Wednesday

Thit Céadaoin an Luathrigh ar an lá céanna le Lá Fhéile Vailintín. Bhí searmanas beag againn sa scoil an lá sin. Chuir an sagart luaithreach i bhfoirm croise ar chlár éadan aon dalta gur theastaigh sé uatha. Dóitear na duilleoga Pailme a beannaíodh an bhliain roimhe sin ag searmanas Domhnach na Pailme (an Domhnach roimh Domhnach Cásca) leis an luaithreach a dhéanamh. Is siombal í an luaithreach den bhás agus an den athbheochan. Cuireann sé i gcuimhne dúinn go bhfuil saol amháin againn agus gur cheart dúinn é a chaitheamh i mbealach maith.



This year, Ash Wednesday fell on the same day as Valentine's Day. We had a small ceremony at school that day. The priest placed ashes in the form of a cross on the forehead of any student who wanted it. Palm leaves blessed the previous year at the Palm Sunday ceremony (the Sunday before Easter Sunday) are burned to make the ashes. Ashes are a symbol of death and rebirth. It reminds us that we have one life and we should live it well.

Camchuart timpeall na scoile - A quick trip around the school



N1A Múinteoir Lauryn Bhreathnach

Tá N1A ag obair go dian ar an Mata le déanaí agus táimid ag baint an-sult as.

Bhíomar ag foghlaim faoi éadaí comh maith ! Tá na páistí ag déanamh ról-imirt, ealaín, tógáil agus spraoi in Aistear & ag baint an-taitneamh as an ngléasadh suas.

N1A are working very hard in Maths and we are having a great time learning through different games.

We were also learning about clothes. The children learn through role-play, art, building and play and love dressing up.



R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte



Chabhraigh cluichí go mór leis na daltaí na táblaí a fhoghlaim i mbealach taitneamhach. Bhíomar ag foghlaim faoi Naomh Bríd agus rinneamar crosóga as luachair. Tharraing muid pictúirí d'áiteanna stairiúla sa cheantar.

Games really helped the students to learn their tables in a fun way. We were learning about St. Brigid and we made St Brigid's crosses out of rushes. We drew pictures of historical buildings in the area.



R5B Múinteoir Bróna Ní Bhaoill

Tá an-obair déanta ag R5B le déanaí ar an gcniotáil. Bíonn Club Cniotála againn gach maidin Chéadaoine agus tá ag éirí go hiontach linn go dtí seo.



R5B have done a lot of knitting work lately. We have a Knitting Club every Wednesday morning and it's going great so far.



R3B Múinteoir Ciara Ní Bháille

Bhíomar ag foghlaim faoi theas i Rang 3B le déanaí. Thaitin an turgnamh go mór linn!

We have been learning about heat in Rang 3B this month. We enjoyed taking part in the experiment!



R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid



Tá R1B ag foghlaim faoin Earrach faoi láthair. An tseachtain seo caite, chuaigh siad ar shiúlóid timpeall na scoile ag lorg rudaí a bhaineann leis an Earrach. Tá an seomra ranga lán le lus an chromchinn anois!

R1B are currently learning all about Spring. Last week, they went on a walk around the school searching for things related to Spring. The classroom is now full of daffodils !

R2A Múinteoir Jack Ó Loineacháin

Bhí na páistí ó R2A ag foghlaim faoi thomhais na haimsire agus ag díriú ar an ngaoth. Rinne na páistí eití ghaoithe ionas go bhféadfaimís treo na gaoithe a aimsiú. D'fhoghláomar go raibh an ghaoth ag teacht ón iarthar!



The children in R2A were learning about measuring the weather and focusing on the wind. The children made wind vanes so that we could find the direction of the wind. We learned that the wind was coming from the west!



R2B Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

Bhí R2 páirteach i mblíots peile i gClub Naomh Olaf ar an 20ú Feabhra. Bhí foirne measctha againn idir R2A agus R2B. Bhíomar ag imirt in aghaidh Gaeilscoil na Fuinseoige agus bhí an-lá go deo againn!

R2 played in a football blitz in Club Naomh Olaf on 20th February. We had mixed teams between R2A and R2B and played against Gaelscoil na Fuinseoige. We had a great day!





R5A Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadbh Rosenstock


Bhain R5A an-taitneamh as na tionscnaimh ar fad a bhí ar bun acu i mí Feabhra. Rinne siad staidéar ar na Maoirigh agus an Nua Shealainn, an Ghrianchóras agus tá muid i lár staidéar a dhéanamh ar an tSean Éigipt. Is breá leis na páistí taighde a dhéanamh agus a bheith ag obair i ngrúpaí. Tá obair ealaíne álainn le feiceáil bunaithe ar na téamaí sin timpeall an tseomra ranga.

Rang 5A really enjoyed all the projects they did in February. They studied the Maori people and New Zealand, the solar system and they are now working on a project based on Ancient Egypt. The children love to research these interesting topics and work in groups. Some lovely artwork based on these themes can be seen around the classroom.



N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

Bhíomar ag fiosrú airíonna 2-T sa mhata le déanaí, á rangú agus á shórtáil de réir a gcosúlachta agus a chur le chéile chun struchtúir a chruthú. D'fhoghlaim muid go bhfuil dhá dhiminsean acu, fad agus leithead.



We have been learning about 2D shapes in maths recently classifying and sorting them by their appearance. We learned that 2-D shapes are two dimensional and flat. We enjoyed combining shapes to build simple structures such as houses, chocolate bars and windows.



R6A Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin

Ar an gcéad lá de mhí Feabhra, Lá Fhéile Bríde a bhí ann. Rinneamar Crosóga Bhríde ag baint úsáide as ollann. Bhaineamar an-taitneamh as!

Bhíomar ag foghlaim faoi bhiláthanna agus faoin ngníomhú ribeach san eolaíocht. Rinneamar turgnamh chun an gníomhú sin a thaispeáint.



The first of February was Saint Brigid's Day. We made Saint Brigid Crosses using wool. We thoroughly enjoyed ourselves.

We were learning about flowers and the capillary action in science. We carried out an experiment to show the capillary action.



N2A Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Tá Rang N2A ag baint taitneamh as na ranganna eolaíochta atá á dhéanamh againn. Bhí siad ag féachaint ar rísíní ag damhsa agus bhí siad ag tógáil le 'marshmallows' agus bhí cead acu iad a ithe nuair a bhíomar críochnaithe leo!

Sa Stair bhí na páistí ag féachaint ar na saghasanna bréagáin a bhí ag a dtuismitheoirí. Tá na páistí tosaithe ag léamh i mBéarla agus tá siad ar bís faoi sin.



Rang N2 have been enjoying our science lessons. They made raisins dance & did some construction work using marshmallows which they were allowed to eat when we were finished with them! In history we are looking at the types of toys their parents had when they were children. We have started English reading and the children are really enjoying it.





R6B Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Fuair R6B seans a gclóscscibhneoireacht a chleachtadh ar na I-padanna nua a cheannaigh an scoil. Míle buíochas leis na cuiditheoirí ó R6A a chabhraigh linn tús a chuir leis an obair seo.

R6B got the chance to practice their typing skills on the new I-pads that the school have bought. Many thanks to our friends from R6A who assisted us in getting started on this.

R1A Múinteoir Emma de Róiste

Tá R1A gnóthach ag ullmhú do Sheachtain na Gaeilge. Táimid ag déanamh go leor cleachtadh ar na hamhráin 'Báidín Fheidhlimí' agus 'Beidh Aonach Amárach' do Chórfhéile na Scoileanna an tseachtain seo chugainn. Táimid ag foghlaim faoin Earrach agus na plandaí agus na hainmhithe nua a thagann ar an saol ag an am seo den bhliain chomh maith.

R1A are busy preparing for Seachtain na Gaeilge. We are doing a lot of rehearsals for the songs 'Báidín Fheidhlimí' and 'Beidh Aonach Amárach' for Córghéile next week. We are also learning about Spring and the new plants and animals that come into existence at this time of year.



N2B Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn

Táimid tar éis a bheith ag foghlaim faoi bhia & faoi pheataí le déanaí i N2B. Bhaineamar an-taitneamh as an bpacáistíocht a bhailiú ónár gcuid torthaí agus glasraí le fáil amach cár fásadh iad. Réitíomar sailéid torthaí agus rinneamar priontaí le brocaílí, oráistí, péitseoga agus cabáiste! Thugamar ár dteidithe isteach sa scoil linn do *Siopa Peataí* Aistear agus rinneamar iompróirí peataí d'ainmhithe inár stáisiún tógála.

We have been learning all about food and pets recently in N2B. We enjoyed collecting the packaging from our fruit and vegetables to find out where they were grown, making and tasting a fruit salads and using broccoli, oranges, peaches and cabbage to make prints with paint! We brought our toy animals into school for our Aistear Pet Shop and made pet carriers for animals in our construction station.



R4B Múinteoirí Máirín Ní Dhubhthaigh & Máire Mhic Gabhann

Bhain Rang 4B an-sult as a bheith ag foghlaim faoi charraigeacha agus mianraí le déanaí. An raibh a fhios agat gur saghas carraige í cailc agus go bhfuil cailc sa taos fiacla agus gurb í an diamant an mianra is crua de réir an scála Moh?



Rang 4B enjoyed studying rocks and minerals recently. Did you know that chalk is a type of rock and that it is found in tooth paste and that the diamond is the hardest mineral according to Mohs scale?



DÚNADH SCOILE SA BHREIS

Extra School Closure

MÁIRT 16 AIBREÁN TUESDAY 16 APRIL

Scoil Dúnta do na páistí
Oilúint do Churaclam na Matamaitice ag na Múinteoirí

*School Closed for the pupils
Maths Curriculum Training day for Teachers*

DÁTAÍ DON DIALANN - DATES FOR THE DIARY

AOINE 08/03/2024 SCOIL DÚNTA (REIFREANN)
School Closed (Referendum)
AOINE 14/03/2024 CÉILÍ SEACHTAIN NA GAEILGE
Céilí for Seachtain na Gaeilge
LUAN 18/03/2024 SCOIL DÚNTA (SAOIRE POIBLI)
School Closed for Public Holiday
AOINE 22/03/2024 SCOIL DÚNTA 12:00
School Closed at 12:00
SAOIRE NA CÁSCA 25/03/2024 - 05/04/2024
Easter Holidays 25/03/2024 - 05/04/2024
LUAN 08/04/2024 ATHOSCAILT NA SCOILE T3
School re-opens for Summer Term

R4A Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

Chomh maith le crosa Bhríde agus cártaí Vailintín a dhéanamh san ealaín d'fhoghlaim páistí R4A na céimeanna chun capall a tharraingt. Bhaineadar an-sult as sin agus bhí an-tortha le feiceáil ar a gcuid oibre.



As well as making St. Brigid's Crosses and Valentine cards in art R4A studied the steps required to draw a horse. They thoroughly enjoyed the process and as you can see the results were great.

